5. Ainm an Bhallstáit nó údarás an tríú tír a bhfuil an iarraidh ar chealú á chur faoi bhráid an Choimisiúin aige nó an léiriú go gcuireann táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe an iarraidh ar chlárú a chealú faoi bhráid an Choimisiúin go díreach agus ainm an ghníomhaire ar thug na táirgeoirí sainordú dó an iarraidh a sheoladh (níl feidhm ag an oibleagáid sainordú a thabhairt do ghníomhaire i gcás táirgeoirí aonair)

...

[Tabhair ainm údaráis Ballstáit nó tríú tír a bhfuil iarraidh ar chealú á chur faoi bhráid an Choimisiúin aige. I gcás ina gcuireann táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go díreach, léirigh 'táirgeoirí' agus ainm an táirge agus na focail 'arna n-ionadú ag' ina dhiaidh sin maille le hainm an ghníomhaire a bhfuil an iarraidh á seoladh aige.]

6. I gcás iarraidh ó Bhallstát, sonraigh an iad táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe nó an iad grúpa táirgeoirí aitheanta an táirge sin a rinne an iarraidh ar chealú ag an gcéim náisiúnta den nós imeachta. Sa chás sin, cuir isteach ainm an ghrúpa táirgeoirí aitheanta

- Iarraidh arna déanamh ag na táirgeoirí
- Iarraidh arna déanamh ag an ngrúpa táirgeoirí aitheanta: ...

[Tabhair ainm an ghrúpa táirgeoirí aitheanta, i gcás inarb iomchuí]

7. Aicmiú an táirge i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143

...

8. Cineál an chealaithe

Déantar an iarraidh ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

Déanfar an iarraidh ar chealú a shíniú agus cuirfear dáta léi.

Iarscríbhinní

Sonraí teagmhála údarás an Bhallstáit, nó an tríú tír, nó an ghrúpa táirgeoirí aitheanta, nó an ghníomhaire a dhéanann ionadaíocht ar na táirgeoirí a dhéanann an iarraidh, dá dtagraítear i bpointí 6, 7 agus 8.

I gcás iarraidh ar chealú arna cur isteach ag Ballstát, an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 13(1), pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1143.

Maidir le hiarraidh ar chealú arna cur isteach ag údarás tríú tír, an dearbhú gurb iad táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe a rinne an iarraidh ar chealú ag an gcéim náisiúnta den nós imeachta agus réasúnú lena léirítear gurb éard atá i gceist leis an iarraidh toil tháirgeoirí an táirge ina n-iomláine.

Maidir le hiarraidh ar chealú arna cur isteach ó thríú tír go díreach chuig an gCoimisiún ag táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe i gcomhréir le hAirteagal 25(2) de Rialachán (AE) 2024/1143

1. Cumhacht aturnae an ghníomhaire a dhéanann ionadaíocht ar na táirgeoirí;
2. Réasúnú lena léirítear gurb éard atá i gceist leis an iarraidh toil tháirgeoirí an táirge ina n-iomláine.

[Roghnach: Liosta de na doiciméid a seoladh chun tacú leis an iarraidh ar chealú.]

IARSCRÍBHINN IX

FIANÚ NÓ LIOSTÚ OIFIGIÚIL

**oibreora a chomhlíonann sonraíocht táirge tásc gheografaigh de bhun Airteagal 45(1)
de Rialachán (AE) 2024/1143**

<p>Fianaítear leis an doiciméad seo go bhfuil an t-oibreoir deimhnithe chun táirge a ainmniú mar Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC) nó mar Thásc Geografach faoi Chosaint (TGFC) nó mar Thásc Geografach (TG) i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143</p>
<p>1. Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)/Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)/Tásc Geografach (TG)</p> <p><i>[ATFC/TGFC/Tásc Geografach mar a iontráladh sa chlár]</i></p>
<p>2. Aicmiú an táirge</p> <p><i>[Ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143; Catagóir an táirge agus sonraí breise atá le cur leis i gcás inarb ábhartha (i.e. i gcás oibreoírí atá deimhnithe chun an t-ainm cláraithe a úsáid agus gan ach tagairt a dhéanamh do tháirgí áirithe a chumhdaítear leis an ainm cláraithe).]</i></p>
<p>3. Tagairtí an oibreora</p> <p><i>[ainm/ainm gnó, sonraí teagmhála agus uimhir oibreora]</i></p>
<p>4. Údarás nó comhlacht rialaithe a eisíonn an fianú nó an liostú</p> <p><i>[ainm gnó agus sonraí teagmhála]</i></p>
<p>5. Uimhir fianaithe/liostaithe</p>
<p>6. Gnó an oibreora a bhfuil feidhm ag an bhfianú, nó an liostú, maidir leis</p> <p><i>(‘táirgeadh’, ‘próiseáil’, ‘buidéalú/pacáistiú’, nó ‘eile (sonraigh)’ – sonraigh gach ceann atá ábhartha]</i></p>
<p>7. Dáta eisiúna an fhianaithe nó an liostaithe nó an dáta ar tarraingíodh suas an liostú</p> <p><i>[ll.mm.bbbb]</i></p>
<p>8. Síniú, séala nó marc an chomhlachta rialaithe nó an údaráis eisiúna</p>

IARSCRÍBHINN X

SONRAÍOCHT TÁIRGE SAINARRA THRAIDISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

1. Ainm (nó ainmneacha)

[Cuir isteach an t-ainm atá beartaithe lena chlárú nó, i gcás iarratas ar fhormheas ar leasú ar shonraíocht táirge, an t-ainm cláraithe]

2. Tríú tír atá ag déanamh iarratas ar chlárú

...

3. Ainm táirge, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

4. Forais le clárú

4.1. Is táirge é:

a eascraíonn as modh táirgthe, as modh próiseála nó as modh comhdhéanaimh a chomhfhreagraíonn do chleachtas traidisiúnta maidir leis an táirge sin.

a tháirgtear ó amhábhair nó ó chomhábhair arb iad a úsáidtear go traidisiúnta.

[Tabhair míniú]

4.2. Ainm an táirge:

atá in úsáid go traidisiúnta chun tagairt a dhéanamh don táirge.

a shainaithníonn carachtar traidisiúnta an táirge.

[Tabhair míniú]

5. Tuairisc

5.1 Tuairisc ar an táirge a bhfuil feidhm ag an ainm faoi pointe 1 maidir leis, lena n-áirítear a phríomhthréithe fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíoch nó orgánaileipteacha (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

5.2 ... Tuairisc ar an modh táirgthe nach mór do na táirgeoirí a leanúint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cineál agus saintréithe na n-amhábhair nó na gcomhábhair a úsáidtear, lena n-áirítear, más ábhartha, ainmniúchán tráchtála an speicis lena mbaineann agus a ainm eolaíoch, agus an modh lena n-ullmhaítear an táirge (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (c), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus

Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

5.3 Tuairisc ar na príomheilimintí lena mbunaítear carachtar traidisiúnta an táirge (Airteagal 54(1), an chéad fhomhír, pointe (d), de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

6. Ceanglais maidir le lipéadú

...

[Níor cheart ach rialacha táirgeshonracha, seachas rialacha is infheidhme go ginearálta, a chur isteach. Murab ann dóibh, fág bán é seo.]

Iarscríbhinní

1. Léiriú ar ainm an ghrúpa táirgeoirí iarrthaigh sa tríú tír, murab ionann é agus an t-iarratasóir ag céim an Aontais, dá dtagraítear in Airteagal 21(2), an chéad fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000].
2. Ainmneacha agus seoltaí na n-údarás inniúil agus na gcomhlachtaí deimhniúcháin táirgí arna n-ainmniú ag an tríú tír dá dtagraítear in Airteagal 21(2), an dara fhomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000].
3. Cumhacht aturnae i gcás ina ndéanann gníomhaire ionadaíocht don iarratasóir.

IARSCRÍBHINN XI
FREASÚRA
SAINEARRA TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT
(Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143)

Is freasúra é seo in aghaidh:

- An iarratais ar chlárú
- An iarratais ar fhorpheas ar leasú ar an tsonraíocht táirge
- Na hiarrata ar chealú

An tsainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht mar atá:

1. Ainm an táirge

...

[Mar a thugtar san fhoilseachán Iris Oifigiúil (IO) nó mar a cláraíodh]

2. Tagairt oifigiúil d'fhoilsiú an ghnímh a bhfuil an freasúra ina aghaidh

[mar a thugtar san fhoilseachán Iris Oifigiúil (IO)]

Uimhir thagartha:...

Dáta an fhoilsithe de chuid IO:...

3. Ainm an fhreasúróra

...

[Ballstát, tríú tír, duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír]

4. Sonraí teagmhála an fhreasúróra

[Údarás náisiúnta nó Grúpa/eagraíocht/duine aonair:]

[Ainm an teagmhálaí: Teideal:..... Ainm iomlán:.....Seoladh:...]

[Teileafón: + ...]

[seoladh ríomhphoist:...]

5. Leas dlisteanach (níl sé riachtanach i gcás údaráis náisiúnta)

...

[Déan ráiteas ina mínítear leas dlisteanach an fhreasúróra. Maidir le freasúra i gcoinne iarraidh ar chealú, tabharfar ráiteas ina míneofar go bhfuil duine leasmhar lena mbaineann fós ag brath ar an ainm cláraithe ar bhonn tráchtála]

6. Forais leis an bhfreasúra:

[Cuir tic leis an gcúis ábhartha]

- (a) ní chomhlíonann an sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht atá beartaithe forálacha Theideal III, Caibidil 2 de Rialachán (AE) 2024/1143;
- (b) chuirfí i gcontúirt, le clárú an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht atá molta, ainm eile atá comhionann go hiomlán nó i bpáirt.

7. Mionsonraí an fhreasúra

...

[Luaigh na cúiseanna a bhfuil bunús leo lena dtugtar údar leis an bhfreasúra, lena n-áirítear mionsonraí na bhfíoras, fianaise agus tuairimí lena dtacaítear leis an bhfreasúra. Féadfar doiciméid tacaíochta a thabhairt.]

8. Liosta de dhoiciméid tacaíochta

...

[Murab ann dóibh, fág bán é seo.]

9. Tugtar toiliú don Choimisiún sonraí pearsanta a d'fhéadfadh a bheith sa fhreasúra a chur ar aghaidh

[Cuir tic sa bhosca chun toiliú a thabhairt]

Déanfar an freasúra a shíniú agus cuirfear dáta leis.

IARSCRÍBHINN XII
FÓGRA AR THORTHAÍ NA gCOMHAIRLIÚCHÁN
TAR ÉIS AN NÓS IMEACHTA FREASÚRA
SAINEARRA TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT
(Airteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1143)

1. Ainm an táirge

[Mar a thugtar san fhoilsiú de chuid na hIrise Oifigiúla (IO) nó mar a cláraíodh]

...

2. Tagairt oifigiúil d'fhoilsiú an ghnímh a bhfuil an freasúra ina aghaidh

[Mar a thugtar san fhoilsiú de chuid na hIrise Oifigiúla (IO)]

Uimhir thagartha:

Dáta an fhoilsithe de chuid IO:

3. Ainm an fhreasúróra (nó na bhfreasúróirí)

[Ballstát, tríú tír, duine nádúrtha nó dlítheanach atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír]

...

4. Toradh na gcomhairliúchán

4.1. Thángthas ar chomhaontú leis an bhfreasúróir (nó leis na freasúróirí) seo a leanas:

[Cuir isteach cóipeanna de litreacha lena léirítear gur thángthas ar chomhaontú agus na tosca uile a d'fhág gurbh fhéidir teacht ar chomhaontú (Airteagal 61(6) de Rialachán (AE) 2024/1143. Tabhair mínithe.]

...

4.2. Níor thángthas ar chomhaontú leis an bhfreasúróir (nó leis na freasúróirí) seo a leanas:

[Cuir isteach an fhaisnéis a léirítear in Airteagal 61(6) de Rialachán (AE) 2024/1143. Tabhair mínithe.]

...

5. Sonraíocht Táirge

Leasaíodh an tsonraíocht táirge:

Leasaíodh

Níor leasaíodh

Má leasaíodh, cuir isteach cóip den tsonraíocht táirge leasaithe.

...

6. Dátú agus síniú

[Ainm]

[Roinn/Eagraíocht]

[Seoladh]

[Teileafón: +]

[seoladh ríomhphoist:]

IARSCRÍBHINN XIII

IARRATAS AR LEASÚ AR SHONRAÍOCHT TÁIRGE LE hAGHAIDH SAINEARRA TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

(Airteagal 66 de Rialachán (AE) 2024/1143)

1. Ainm an táirge lena mbaineann an leasú

...

[Mar a cláraíodh é]

2. An tríú tír as a dtionscnaíonn an t-iarratas

...

3. Ceannteidil sa tsonraíocht táirge lena mbaineann an leasú (nó na leasuithe)

[Cuir in iúl cé na ceannteidil (uimhir agus teideal ceannteidil) sa tsonraíocht táirge a ndéanann an leasú difear dóibh.]

...

4. Tuairisc ar an leasú (nó ar na leasuithe) agus na cúiseanna leis (nó leo)

...

[Tabhair tuairisc ar gach leasú agus na cúiseanna atá leo mar a fhoráiltear in Airteagal 66(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 agus Airteagal 28(1), pointe (c), de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]]

Iarscríbhinní

1. An leagan comhdhlúite den tsonraíocht táirge arna leasú, arna tharraingt suas i gcomhréir leis an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn X a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000].
2. Ainm agus sonraí teagmhála údarás an tríú tír nó iarratasóir an ghrúpa táirgeoirí ag céim an Aontais den nós imeachta chun formheas a dhéanamh ar leasú ar an tsonraíocht táirge.
3. Ainm an ghrúpa táirgeoirí iarrthaigh sa tríú tír a thionscnaíonn an nós imeachta sa tríú tír, murab ionann é agus an t-iarratasóir ag céim an Aontais.
4. Na doiciméid tionlacain, dá dtagraítear in Airteagal 21(2) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000], *mutatis mutandis*, i gcás inar iomchuí.

IARSCRÍBHINN XIV

IARRAIDH AR SHAINEARRA TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT A CHEALÚ (Airteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2024/1143)

1. An t-ainm cláraithe atá beartaithe lena chealú

...

2. Ainm an Bhallstáit, an tríú tír nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá bunaithe nó ina chónaí i dtríú tír a chuireann an iarraidh ar an gcealú faoi bhráid an Choimisiúin

...

[Tabhair ainm údaráis Ballstáit nó tríú tír nó ainm an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a iarrann cealú.]

3. Léirigh ainm an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a d'iarr an cealú ag céim náisiúnta an nós imeachta

...

[I gcás cealú arna dhéanamh ag Ballstát nó tríú tír as a stuaim féin, fág bán é seo.]

...

4. I gcás iarrataí arna ndéanamh ag tríú tír, tabhair ainm na n-údarás, nó na gcomhlachtaí, a fhóiríonn gur comhlíonadh an tsonraíocht táirge

...

5. Leas dlisteanach an ghrúpa táirgeoirí nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh lena mbaineann i bpointe 2 agus i bpointe 3 (níl gá leis do na húdaráis náisiúnta)

...

[Déan ráiteas ina mínítear leas dlisteanach an ghrúpa táirgeoirí nó an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh a chuireann isteach nó a iarrann cealú.]

6. Aicme táirge, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

7. An cineál cealaithe agus cúiseanna gaolmhara

Déantar an iarraidh ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 67(1) de Rialachán (AE) 2024/1143 ar na cúiseanna seo a leanas:

ní féidir a áirithiú a thuilleadh go bhfuil ceanglais na sonraíochta táirge á gcomhlíonadh

[Tabhair na cúiseanna mionsonraithe agus, i gcás inarb iomchuí, fianaise lena dtugtar údar leis an gcealú]

níor cuireadh táirge ar an margadh faoin sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht ar feadh na 7 mbliana roimhe sin as a chéile ar a laghad

[Tabhair na cúiseanna mionsonraithe agus, i gcás inarb iomchuí, fianaise lena dtugtar údar leis an gcealú]

Déanfar an iarraidh ar chealú a shíniú agus cuirfear dáta léi.

Iarscríbhinní

Sonraí teagmhála an duine nádúrtha nó dhlítheanaigh, nó údarás nó chomhlachtaí an Bhallstáit nó an tríú tír dá dtagraítear i bpointí 2, 3 agus 4.

I gcás iarraidh ar chealú arna cur isteach ag Ballstát, an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1143.

[Roghnach: Liostaigh na doiciméid a seoladh chun tacú leis an iarraidh ar chealú.]

IARSCRÍBHINN XV

IARRAIDH AR SHAINEARRA TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT A CHEALÚ (Airteagal 67(2) de Rialachán (AE) 2024/1143)

1. An t-ainm cláraithe atá beartaithe lena chealú

...

2. Ainm an Bhallstáit nó údarás an tríú tír a chuireann an iarraidh ar chealú faoi bhráid an Choimisiúin nó an léiriú go gcuireann táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe agus ainm an ghníomhaire, ar thug na táirgeoirí sainordú dó an iarraidh a sheoladh, iarraidh ar chlárú a chealú faoi bhráid an Choimisiúin go díreach

...

[Tabhair ainm údaráis Ballstáit nó tríú tír a iarrann cealú don Choimisiún. I gcás ina gcuireann táirgeoirí tríú tír an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe an iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin go díreach, cuir in iúl ‘táirgeoirí’ agus ainm an táirge agus na focail ‘arna n-ionadú ag’ ina dhiaidh sin maille le hainm an ghníomhaire a sheolann an iarraidh.]

...

3. Aicme táirge, dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]

...

4. An cineál cealaithe agus cúiseanna gaolmhara

Déantar an iarraidh ar chealú i gcomhréir le hAirteagal 67(2) de Rialachán (AE) 2024/1143.

...

[Tabhair na cúiseanna atá leis an gcealú chun críche faisnéise]

Déanfar an iarraidh ar chealú a shíniú agus cuirfear dáta léi.

Iarscríbhinní

Sonraí teagmhála údarás an Bhallstáit nó an tríú tír nó an ghníomhaire a dhéanann ionadaíocht ar na táirgeoirí a dhéanann an iarraidh, dá dtagraítear i bpointí 3 agus 4.

I gcás iarraidh ar chealú arna cur isteach ag Ballstát, an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 57(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2024/1143.

Maidir le hiarraidh ar chealú arna cur isteach ag údarás tríú tír, an dearbhú gurb iad táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe a rinne an iarraidh ar chealú ag an gcéim náisiúnta den nós imeachta agus réasúnú lena léirítear gurb éard atá i gceist leis an iarraidh toil tháirgeoirí an táirge ina n-iomláine.

Maidir le hiarraidh ar chealú arna cur isteach ó thríú tír go díreach chuig an gCoimisiún ag táirgeoirí an táirge a mhargaítear faoin ainm cláraithe:

1. Cumhacht aturnae an ghníomhaire a dhéanann ionadaíocht ar na táirgeoirí;
2. Réasúnú lena léirítear gurb éard atá i gceist leis an iarraidh toil tháirgeoirí an táirge ina n-iomláine.

[Roghnach: Liostaigh na doiciméid a seoladh chun tacú leis an iarraidh ar chealú.]

IARSCRÍBHINN XVI

FIANÚ NÓ LIOSTÚ OIFIGIÚIL

oibreora a chomhlíonann sonraíocht táirge le haghaidh sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht (STR) de bhun Airteagal 77(1) de Rialachán (AE) 2024/1143

<p>Fianaítear leis an doiciméad seo go bhfuil an t-oibreoir deimhnithe chun táirge a ainmniú mar shainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht atá faoi chosaint i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1143</p>
<p>1. Sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht</p> <p><i>[STR mar a cuireadh isteach sa chlár]</i></p>
<p>2. Aicme an táirge (dá dtagraítear in Iarscríbhinn XVIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/XXXX) [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an tagairt do C(2024)8000]</p> <p>...</p>
<p>3. Tagairtí an oibreora</p> <p><i>[ainm gnó, sonraí teagmhála agus uimhir táirgeora]</i></p>
<p>4. Údarás nó comhlacht rialaithe a eisiúnn an fianú nó an liostú</p> <p><i>[ainm/ainm gnó agus sonraí teagmhála]</i></p>
<p>5. Uimhir an fhianaithe/liostaithe</p> <p>...</p>
<p>6. Gnó an tairgeora nó an phróiseálaí a bhfuil feidhm ag an bhfianú, nó an liostú, maidir leis</p> <p><i>(‘táirgeadh’, ‘próiseáil’, ‘buidéalú/pacáistiú’, nó ‘eile (sonraigh)’ – sonraigh gach ceann atá ábhartha]</i></p>
<p>7. Dáta eisiúna an fhianaithe nó an liostaithe nó an dáta a tarraingíodh suas an liostú</p> <p><i>[ll.mm.bbbb]</i></p>
<p>8. Síniú, séala nó marc an chomhlachta rialaithe nó an údaráis eisiúna</p>

IARSCRÍBHINN XVII

SIOMBAILÍ AGUS TÁSCA DE CHUID AN AONTAIS MAIDIR LE hAINMNIÚCHÁIN TIONSCNAIMH FAOI CHOSAINT (ATFC), TÁSCA GEOGRAFACHA FAOI CHOSAINT (TGFC) agus SAINARRAÍ TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT (STR) A ATÁIRGEADH

1. Siombailí de chuid an Aontais: daite

Nuair a úsáidtear iad agus iad daite, féadfar dathanna díreacha (Pantone) nó próiseas ceithre dhath a úsáid. Léirítear na dathanna tagartha thíos.

Siombailí de chuid an Aontais in Pantone:



Pantone[®] 711



Pantone[®]
Yellow 109




Pantone[®]
Reflex Blue



Pantone[®]
Yellow 109



Siombailí de chuid an Aontais i bpróiseas ceithre dhath:





100 % cyan
80 % magenta



10 % magenta
90 % yellow



100 % cyan
80 % magenta



10 % magenta
90 % yellow

Codarsnacht le dathanna an chúlra:

Má úsáidtear siombail dhaite ar chúlra daite, rud a fhágann gur deacair í a fheiceáil, ba cheart ciorcal teormharcála ar an taobh amuigh a úsáid timpeall na siombaile chun feabhas a chur ar an gcodarsnacht leis an gcúlra:



2. Siombailí de chuid an Aontais: dubh agus bán

Ní cheadaítear na siombailí dubh agus bán a úsáid ach amháin nuair nach n-úsáidtear de dhathanna dúigh ar an bpacáiste ach iad.


Nuair a úsáidtear siombailí dubh agus bán de chuid an Aontais, déantar iad a atáirgeadh mar a leanas:





Siombailí dubh agus bán de chuid an Aontais i gclaonchló:

Má tá cúlra an phacáistithe nó an lipéadaithe dorcha, féadfar na siombailí a úsáid i bhformáid chlaonchló mar a leanas:



3. Clóghrafaíocht

Ní mór ceannlitreacha Times Roman a úsáid le haghaidh an téacs.

4. Laghdú

Is é 15 mm ar trastomhas íosmhéid na siombailí de chuid an Aontais. Mar sin féin, féadfar sin a laghdú go 10 mm ar trastomhas i gcás pacáistí beaga nó táirgí beaga.

5. ‘Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint’ agus an giorrúchán de i dteangacha oifigiúla an Aontais

Teanga oifigiúil de chuid an Aontais | Téarma | Giorrúchán |

BG | заштитено наименование за произход | ЗНП |

ES | denominación de origen protegida | DOP |

CS | chráněné označení původu | CHOP |

DA | beskyttet oprindelsesbetegnelse | BOB |

DE | geschützte Ursprungsbezeichnung | g.U. |

ET | kaitstud päritolunimetus | KPN |

EL | προστατευόμενη ονομασία προέλευσης | ΠΟΠ |

EN | protected designation of origin | PDO |

FR | appellation d'origine protégée | AOP |

GA | ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint | ATFC |

HR | zaštićena oznaka izvornosti | ZOI |

IT | denominazione d'origine protetta | DOP |

LV | aizsargāts cilmes vietas nosaukums | ACVN |

LT | saugoma kilmės vietos nuoroda | SKVN |

HU | oltalom alatt álló eredetmegjelölés | OEM |

MT | denominazzjoni protetta ta' orìgini | DPO |

NL | beschermde oorsprongsbenaming | BOB |

PL | chroniona nazwa pochodzenia | CHNP |

PT | denominação de origem protegida | DOP |

RO | denumire de origine protejată | DOP |

SK | chránené označenie pôvodu | CHOP |

SL | zaščitena označba porekla | ZOP |

FI | suojattu alkuperäimitys | SAN |

SV | skyddad ursprungsbeteckning | SUB |

6. ‘Tásc Geografach faoi Chosaint’ agus an giorrúchán de i dteangacha oifigiúla an Aontais

Teanga oifigiúil de chuid an Aontais | Téarma | Giorrúchán |

BG | заштитено географско указание | ЗГУ |

ES | indicación geográfica protegida | IGP |

CS | chráněné zeměpisné označení | CHZO |

DA | beskyttet geografisk betegnelse | BGB |

DE | geschützte geografische Angabe | g.g.A. |

ET | kaitstud geograafiline tähis | KGT |

EL | προστατευόμενη γεωγραφική ένδειξη | ΠΓΕ |
EN | protected geographical indication | PGI |
FR | indication géographique protégée | IGP |
GA | tásc geografach faoi chosaint | TGFC |
HR | zaštićena oznaka zemljopisnog podrijetla | ZOZP |
IT | indicazione geografica protetta | IGP |
LV | aizsargāta ģeogrāfiskās izcelsmes norāde | AĢIN |
LT | saugoma geografinė nuoroda | SGN |
HU | oltalom alatt álló földrajzi jelzés | OFJ |
MT | indikazzjoni ġeografika protetta | IĠP |
NL | beschermde geografische aanduiding | BGA |
PL | chronione oznaczenie geograficzne | CHOG |
PT | indicação geográfica protegida | IGP |
RO | indicație geografică protejată | IGP |
SK | chránené zemepisné označenie | CHZO |
SL | zaščitena geografska označba | ZGO |
FI | suojattu maantieteellinen merkintä | SMM |
SV | skyddad geografisk beteckning | SGB |

7. ‘Sainearra Traidisiúnta faoi Ráthaíocht’ agus an giorrúchán de i dteangacha oifigiúla an Aontais

Teanga oifigiúil de chuid an Aontais | Téarma | Giorrúchán |
BG | храна с традиционнo специфичен характер | ХТСХ |
ES | especialidad tradicional garantizada | ETG |
CS | zaručená tradiční specialita | ZTS |
DA | garanteret traditionel specialitet | GTS |
DE | garantiert traditionelle Spezialität | g.t.S. |
ET | garanteeritud traditsiooniline toode | GTT |
EL | εγγυημένο παραδοσιακό ιδίotypo προϊόν | Ε Π Ι Π |
EN | traditional speciality guaranteed | TSG |
FR | spécialité traditionnelle garantie | STG |
GA | sainearra traidisiúnta faoi ráthaíocht | STR |

HR | zajamčeno tradicionalni specijalitet | ZTS |
IT | specialità tradizionale garantita | STG |
LV | garantētu tradicionālo īpatnību produkts | GTĪP |
LT | garantuotas tradicinis gaminys | GTG |

HU | hagyományos különleges termék | HKT |
MT | speċjalità tradizzjonali garantita | STG |
NL | gegarandeerde traditionele specialiteit | GTS |
PL | gwarantowana tradycyjna specjalność | GTS |
PT | especialidade tradicional garantida | ETG |
RO | specialitate tradițională garantată | STG |
SK | zaručená tradičná špecialita | ZTŠ |
SL | zajemčena tradicionalna posebnost | ZTP |
FI | aito perinteinen tuote | APT |
SV | garanterad traditionell specialitet | GTS |

IARSCRÍBHINN XVIII

AICMIÚ TÁIRGÍ LE hAGHAIDH SAINARRAÍ TRADISIÚNTA FAOI RÁTHAÍOCHT

1. Táirgí talmhaíochta atá ceaptha lena gcaitheamh ag an duine, a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh

- Aicme 1.1. Feoil úr (agus scairteach),
- Aicme 1.2. Táirgí feola (cócaráilte, saillte, deataithe, etc.),
- Aicme 1.3. Cáiseanna,
- Aicme 1.4. Táirgí eile de bhunadh ainmhíoch (uibheacha, mil, táirgí éagsúla déiríochta seachas im, etc.),
- Aicme 1.5. Olaí agus saillte (im, margairín, ola, etc.),
- Aicme 1.6. Torthaí, glasraí agus gránaigh, iad úr nó próiseáilte,
- Aicme 1.7. Éisc, moilisc, agus crústaigh úra agus táirgí díorthaithe,
- Aicme 1.8. Táirgí eile a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh (spíosraí etc.).

2. Earraí bia agus táirgí talmhaíochta dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/1143

- Aicme 2.1 Béalí réamhullmhaithe,
- Aicme 2.2 Beoir,
- Aicme 2.3 Seacláid agus táirgí díorthaithe,
- Aicme 2.4 Arán,
- Aicme 2.5 Taosrán agus cácaí,
- Aicme 2.6 Milseogra,
- Aicme 2.7 Brioscaí agus táirgí eile báicéirí,
- Aicme 2.8 Deochanna a dhéantar as eastóscáin phlandaí,
- Aicme 2.9 Pasta,
- Aicme 2.10 Salann,
- Aicme 2.11 Uiscí aeraithe,
- Aicme 2.12 Corc.